RÚN (AE) 2023/1963 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0092/2023),

A. de bhrí, le Cinneadh 2007/198/Euratom ([1]) ón gComhairle, gur bunaíodh an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (an 'Comhghnóthas') in Aibreán 2007 ar feadh tréimhse 35 bliana;

B. de bhrí gur thosaigh an Comhghnóthas ag obair go neamhspleách i mí an Mhárta 2008;

C. de bhrí go bhfuil na grúpaí a leanas ina gcomhaltaí den Chomhghnóthas: an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom), a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht air, ballstáit Euratom, agus tríú tíortha a bhfuil comhaontú comhair le Euratom tugtha i gcrích acu i réimse an chomhleá núicléach rialaithe;

D. de bhrí gurb iad cuspóirí an Chomhghnóthais rannchuidiú an Aontais a chur ar fáil do thionscadal idirnáisiúnta fuinnimh comhleá ITER, an comhaontú maidir le cur chuige níos leithne idir Euratom agus an tSeapáin a chur chun feidhme, agus ullmhú do thógáil imoibreora comhleá taispeána agus saoráidí gaolmhara;

E. de bhrí go bhfuil seacht gcomhpháirtí dhomhanda rannpháirteach i dtionscadal ITER, eadhon, an tAontas Eorpach, a ndéanann an Euratom ionadaíocht air, na Stáit Aontaithe, an Rúis, an tSeapáin, an tSín, an Chóiré Theas agus an India, agus gurb é an tAontas Eorpach an comhpháirtí ceannasach ar aige atá sciar 45,4 % de na costais tógála agus go bhfuil sciar 9,1 % ag gach comhpháirtí eile atá rannpháirteach; rud a athróidh sa chéim tástála comhleá oibríochtúil, nuair is 34 % de na costais oibríochtúla a bheidh á gcur ar fáil ag an Aontas ([2]);

F. de bhrí gur EUR 18,2 billiún (i luachanna reatha) ([3]) atá san eisíoc iomlán dá bhforálann an tAontas Eorpach chun a oibleagáidí agus na gníomhaíochtaí gaolmhara faoi chomhaontú ITER a chur chun feidhme go dtí 2031;

G. de bhrí, i ndiaidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus ó Euratom an 31 Eanáir 2020, agus gur chlis ar na páirtithe an prótacal dá bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Euratom agus an Ríocht Aontaithe a comhaontaíodh an 30 Nollaig 2020 a thabhairt i gcrích, nach bhfuil an Ríocht Aontaithe bainteach fós leis an tionscadal ITER ná ina comhalta den Chomhghnóthas agus dá réir sin nach rannchuidíonn sí lena bhuiséad;

H. de bhrí gur deacair i gcónaí tomhas a dhéanamh ar thionchar an fhogha mhíleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin agus ar a iarmhairtí ar ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais;

([1]) IO L 90, 30.3.2007, lch. 58.

([2]) 'Doiciméid ITER dar teideal "Meastacháin Luacha do Chéimeanna Tógála, Oibríochta, Díghníomhaithe agus Díchoimisiúnaithe ITER agus Foirm Ranníocaíochtaí na bPáirtithe' agus 'Roinnt na gCostas le haghaidh gach Céim de Thionscadal ITER'.

([3]) Tá na meastacháin bunaithe ar Theachtaireacht COM(2017) 319 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2017 agus an doiciméad inmheánach oibre gaolmhar SWD(2017)232, tábla 4.

Ginearálta

1. á chur in iúl gur geal léi, sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2021 (an 'tuarascáil ón gCúirt'), go dtugtar le fios go gcuirtear i láthair sna cuntais bhliantúla, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais an 31 Nollaig 2021 agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní do bhliain airgeadais 2021, i gcomhréir lena rialacha airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; á thabhairt chun suntais, thairis sin, go bhfuil na haistrithe is bun leis na cuntais don bhliain airgeadais 2021 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha;

2. á chur in iúl gurb oth léi, mar sin féin, go dtarraingítear aird sa tuarascáil ón gCúirt ar an gcaoi a nochtar i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2021 meastachán an Chomhghnóthais ar chostas iomlán a oibleagáidí soláthair a chur i gcrích don tionscadal ITER, arna meas ag EUR 18,3 billiún (i luachanna 2021) agus go bhféadfadh méaduithe chostais suntasacha agus/nó moill thairis sin maidir le cur chun feidhme an Tionscadail ITER a bheith ann de bharr athruithe ar na príomhthoimhdí don mheastachán agus don neamhchosaint ar riosca;

3. á aithint go mbeartaítear le Fís Eorpach spriocanna uaillmhianacha don Chomhghnóthas, spriocanna nach féidir a bhaint amach ach amháin má dhéantar réitigh éifeachtacha a dhearadh agus a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar na laigí i gcórais rialaithe inmheánaigh agus lena n-ullmhaítear do na dúshláin a bheidh ann amach anseo a eascróidh as freagrachtaí méadaithe, amhail i réimse na bainistíochta agus na pleanála acmhainní daonna; á chur i bhfios, sa chomhthéacs sin, gur riosca suntasach earráide atá i ríomhanna agus ceanglais tuairiscithe atá an-chasta agus a bhfuil ualach mór ag baint leo agus á iarraidh, dá bhrí sin, chun féachaint ar na féidearthachtaí atá ann simpliú a dhéanamh nuair is féidir agus ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana;

4. ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, ós rud é go bhfuil an Rúis ina ball de ITER-IO, go bhfuil oibleagáidí uirthi líon comhpháirteanna le haghaidh tionscadail ITER a sheachadadh go dtí láthair chóimeála ITER sa Fhrainc (Cadarache), agus rannchuidithe bliantúla a sholáthar do ITER-IO, agus go bhfuil riosca moilleanna breise ar thionscadal ITER ag baint leis agus costais mhéadaithe do thionscadal ITER;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil meastachán ag an gComhghnóthas ar chostais iomlána a oibleagáidí seachadta a chur i gcrích le haghaidh thionscadal ITER ('meastachán tráth curtha i gcrích'), a chuimsíonn costais na céime tógála agus oibríochtúla go dtí 2035, agus costais chéim an díchoimisiúnaithe agus an díghníomhaithe go dtí 2042; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur mheas an Comhghnóthas gur EUR 18.3 billiún a bheadh sa chostas iomlán sin (de réir luachanna 2021), agus gurb é a bhí ann, na híocaíochtaí uile a rinneadh i ndeireadh 2021 arb ionann agus EUR 8.3 billliún iad, agus an meastachán ar na híocaíochtaí amach anseo, arna mheas ag EUR 10 mbilliún (i luachanna 2021);

6. á chur i bhfios go bhféadfadh sé go gcuirfí méaduithe breise ar chostais agus moill bhreise ar an tionscadal de bharr athruithe ar na príomhthoimhdí maidir leis an meastachán thuas agus an neamhchosaint ar riosca, agus go measann sí maidir le 2021, bunaithe ar an tuarascáil ón gCúirt, nár mhór aird ar leith a thabhairt ar na hócáidí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an meastachán tráth curtha i gcrích; á chur i bhfios, thairis sin, go n-áirítear ar na príomhthoimhdí sin an bhonnlíne nua do thionscadal ITER atá beartaithe don chéad ráithe de 2023, an mhoill ar sheachadadh comhpháirteanna, na smachtbhannaí arna bhforchur ar an Rúis, an próiseas formheasta atá ar siúl faoi láthair ag Údarás Sábháilteachta Núicléiche na Fraince (NSA) le haghaidh cóimeáil chomhpháirteanna shloc Tokomak; agus an t-athbhreithniú a meastar a tharlóidh ar mheastachán costais don Choimpléasc Teo-Chille; á thabhairt chun suntais, i gcás fadhbanna seachadadh as a n-eascródh easpa comhpháirteanna ríthábhachtacha chun leanúint leis an tionscadal, gur cheart féachaint ar shruthanna soláthair malartacha;

7. á mheabhrú go bhfuil ITER ag dréim go hoifigiúil leis an gcéad tástáil oibríochtúil a bheith ann in 2025 agus le lánchumhacht chomhleá a bhaint amach faoi 2035; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, gur in 2016 a glacadh an bhonnlíne sin, agus de bharr moilleanna tógála agus monaraíochta ó shin, agus mar thoradh ar phaindéim COVID-19, gur ar éigean a bhainfear sprioc 2025 amach; á chur i bhfios go láidir, ina theannta sin, de réir na tuarascála ón gCúirt, go bhfuil riosca moille thairis sin ann de bharr meascán d'fhadhbanna tógála ó fhadhbanna le táthú le chéile na gcodanna den soitheach folúis arb é an seomra cruach é ina ndéanfar na turgnaimh comhleá go fadhb an chreimthe arb é is cúis le scoilteanna suas le 2,2 milliméadar ar na painéil sciath theirmeach, rud a dhéanann difear don 23 chiliméadar uile de phíopaí fuaraithe atá táthaithe do dhromchla na comhpháirte; ag tabhairt dá haire, ós rud é go bhféadfadh saincheist na scoilte sna píopaí fuaraithe a bheith sistéamach, rud a dhéanann difear do chomhpháirteanna scéithe teirmí uile an tokamak, go ngníomhachtaíonn treo nua ITER straitéis deisiúcháin le haghaidh painéil scéithe teirmí an tokamak agus a gcodanna den soitheach folúis;

8. ag tabhairt dá haire nach féidir meastachán a dhéanamh go beacht ar fhad agus ar chostas na ndeisiúchán ag an gcéim seo agus go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle ITER bonnlíne nua ITER a ghlacadh ag deireadh 2023, lena leagfar amach féilire le haghaidh céimeanna áirithe chun cinn agus lena ndéanfar brú siar suntasach ar na dátaí a mbeidh sé ag dréim le príomhchlocha míle a bhaint amach, rud a rachaidh i bhfeidhm ar an meastachán tráth curtha i gcrích; á iarraidh ar an gcomhghnóthas tuairisc a thabhairt ar an toradh agus ar na moilleanna a bhfuiltear ag dréim leis mar aon leis na hiarmhairtí ar chur i gcrích thionscadal ITER;

9. ag tabhairt dá haire, a mhéid a bhaineann le ceanglais sábháilteachta núicléiche, gur ag Údarás Sábháilteachta Núicléiche (NSA) na Fraince atá an t-údarás deiridh maidir le faomhadh a dhéanamh ar aon athruithe thairis sin a dhéanfadh difear do na ceanglais sábháilteachta núicléiche, agus sa chomhthéacs sin, i dtús 2021, go ndearna an Comhghnóthas iarratas foirmiúil ag lorg faomhadh NSA don dearadh nua táthúcháin agus teicneolaíochta a bhaineann le cóimeáil chomhpháirteanna na claise tokamak; á chur i bhfios go láidir, mar sin féin, nár lorg NSA faisnéis bhreise ón gComhghnóthas chun a anailís a chríochnú roimh Eanáir 2022; ag tabhairt dá haire gur cuid de ghnáthphróiseas tiomsúcháin ITER-IO é an faomhadh ó NSA, ach go bhféadfadh moill bhreise roinnt míonna a bheith mar thoradh air agus tionchar aige dá réir ar an meastachán tráth curtha i gcrích;

10. á iarraidh ar an gComhghnóthas athbhreithniú a dhéanamh ar an meastachán costais i ndáil leis an gCoimpléasc Teo-Chille chun gur féidir meastachán costais iontaofa a ullmhú i gcomhréir le céim aibíochta na riachtanas deartha ITER-IO i láthair na huaire;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

11. ag tabhairt dá haire gur ghlac bord rialaithe an Chomhghnóthais, i mí na Nollag 2020, buiséad tosaigh an chomhghnóthais do 2021, eadhon, EUR 1 048,77 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 742,81 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus gur leasaigh an bord rialaithe an buiséad sin i mí na Samhna 2021;

12. á chur in iúl gur geal léi gurb ionann na leithreasuithe deiridh a bhí ar fáil, lena n-áirítear airgead anonn ón mbliain roimhe sin, agus EUR 1 069,88 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 764,83 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

13. ag tabhairt dá haire gurbh iad 99,7 % agus 97,4 % faoi seach na rátaí cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le 100 % agus 98 % in 2020);

14. ag tabhairt dá haire, as EUR 1 069,88 milliún a bhí ar fáil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, go ndearnadh 88,4 % de a chur chun feidhme trí ghealltanais aonair (a chomhfhreagraíonn do EUR 942,50 milliún);

15. ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di, i ndiaidh mholadh maidir le hurscaoileadh 2020 inar luadh an modh ríofa i gcás ranníocaíochtaí comhaltais 2020, gur ghlac an Comhghnóthas bearta ceartaitheacha, go háirithe an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair, lena chinntiú, chun nach n-ardódh an Chúirt an tsaincheist sin arís;

16. ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, maidir le ranníocaíochtaí comhaltais 2021, gur bhain an Comhghnóthas leas as clár bliantúil agus ilbhliantúil 2020-2024 arna ghlacadh ag a bhord rialaithe an 10 Nollaig 2019, agus go meastar gur EUR 6.5 milliún a bhí sna ranníocaíochtaí comhaltais;

17. ag tabhairt dá haire, amhail ó mhí Eanáir 2016 ar aghaidh, maidir leis na comhghnóthais sin nach ndéantar ach páirtmhaoiniú orthu as buiséad an Aontais go bhfuil sé de cheangal orthu an sciar sin ar ranníocaíochtaí an fhostóra é a íoc le scéim pinsin an Aontais, a chomhfhreagraíonn do chóimheas a n-ioncam fóirdheonaithe ó thríú tíortha lena n-ioncam iomlán ([4]); á chur in iúl gur chúis bhuartha di, ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gcomhghnóthas, agus nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, nár íoc na comhghnóthais na ranníocaíochtaí sin go fóill;. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun fadhbanna comhchosúla a sheachaint amach anseo;

([4]) Airteagal 83a de Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal sin (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385).

18. á iarraidh i ndáil leis seo, i gcomhréir leis an treoraíocht ón gCoimisiún chuig na comhghnóthais, ar Oifig an Choimisiúin um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla ranníocaíocht an fhostóra do gach comhghnóthas a ríomh mar chéatadán den ioncam ón tríú tír i gcoibhneas le hioncam iomlán an chomhghnóthais, lena n-áirítear ioncam le haghaidh caiteachas oibríochtúil ar ioncam ó thríú tíortha; ag tabhairt dá haire, maidir le ITER, gur socraíodh an sciar céatadáin sin ag 21,6 % don tréimhse 2017-2020, nó thart ar EUR 5,8 milliún, agus ag 19,8 % don bhliain 2021, nó thart ar EUR 1,5 milliún; á chur i bhfios go láidir, ina theannta sin, nach gcuirtear san áireamh leis an treoraíocht sin ach forálacha faoi seach na Rialachán Foirne maidir leis an modh ríofa a chinntiú le haghaidh ranníocaíochtaí fostóra na gcomhghnóthas le buiséad an Aontais, arna mbunú ar ioncam;

19. á iarraidh ar an gComhghnóthas gan fanacht ar ríomh deiridh na ranníocaíochtaí gan íoc, ach an oibleagáid sin a bhreithniú nuair dhéantar a bhuiséad amach anseo a phleanáil, amhail trí fabhrú comhfhreagrach le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin;

20. á chur in iúl gur eol di, mar sin féin, go n-éilítear faoi fhorálacha sonracha Reachtanna an Chomhghnóthais nach rachaidh méid iomlán na ranníocaíochtaí comhaltais thar 10 % de chostais riaracháin bhliantúla an Chomhghnóthais, rud a thabharfadh ranníocaíocht fostóra thart ar EUR 740 013 in aghaidh na bliana le tuiscint i gcás an Chomhghnóthais (bunaithe ar fhigiúirí 2021); ag tabhairt dá haire, dá réir sin, maidir leis na forálacha dlíthiúla éagsúla sin i dteannta a chéile go bhfuil riosca ann go ndéanfaí léirmhínithe éagsúla a mhionsaothrú maidir le ríomh ranníocaíocht an fhostóra i gcás an Chomhghnóthais, agus go mbeadh tionchar airgeadais éagsúil i gceist agus ag dréim leis go mbainfear an éiginnteacht dhlíthiúil sin gan mhoill; á chur in iúl gur geal léi ullmhacht an Chomhghnóthais chun dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun ailíniú níos soiléire a fháil ar na bunúis ábhartha dlí;

Feidhmíocht

21. ag tabhairt dá haire gurbh é 2021 an chéad bhliain de Chreat Airgeadais ilbhliantúil 2021-2027;

22. á chur in iúl gur geal léi, le linn 2021, go ndearna an Comhghnóthas dul chun cinn breise leis an obair agus gur lean sé de bheith ag soláthar roinnt de na mór-chomhpháirteanna do ITER chun tús a chur leis na gníomhaíochtaí cóimeála de réir mar atá beartaithe chun go mbainfear amach an Chéad Phlasma faoi dheireadh 2025; ag tabhairt dá haire go bhfuil bonnlíne an chéad phlasma á hathphleanáil ag Eagraíocht ITER faoi láthair, agus go rabhthas ag dréim leis go ndéanfaidh Comhairle ITER cinneadh maidir leis an toradh in 2022 agus go ndéanfaidh an Comhghnóthas a phleanáil a choigeartú dá réir ina dhiaidh;

23. ag tabhairt dá haire go ndearna an Comhghnóthas an fhreagracht as comhordú shuíomh na bhfoirgneamh a aistriú chuig Eagraíocht ITER 10 mbliana níos faide anonn; ag tabhairt dá haire, de réir na pleanála a bhí ag gabháil leis an socrú poiblí le haghaidh tógáil foirgneamh gur beartaíodh an t-aistriú le haghaidh Mheán Fómhair 2018, a luaithe nárbh ann a thuilleadh do na príomhrioscaí tógála ar an suíomh;

24. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar shlabhra soláthair an Chomhghnóthais fós, le linn 2019, ós rud é go ndearnadh difear do líon suntasach de sholáthróirí an Chomhghnóthais, go raibh srianta ar an bhfreastal ar an láthair oibre agus ar an taisteal, agus go raibh tionchair ar éifeachtúlacht faoi láthair agus amach anseo de bharr na bearta breise sláintíochta a ceanglaíodh i bhformhór na mBallstát; á chur in iúl gurb oth léi i gcás seachadtaí áirithe, go raibh moill suas le 4 mhí i gceist agus go ndearna sé difear EUR 45 mhilliún (EUR 57 milliún in 2020 - an dá fhigiúr i luachanna 2008) don 'chostas tráth curtha i gcrích';

25. ag tabhairt dá haire, freisin, go ndéanann éifeacht indíreach ó phaindéim COVID-19 difear do neart conarthaí de chuid an Chomhghnóthais i gcónaí, mar thoradh ar na méaduithe móra ar phraghsanna amhábhar, agus go bhfuil an éifeacht ar an gcostas tráth curtha i gcrích á mheas i gcónaí; ag tabhairt dá haire, dá ainneoin sin, gur éifeacht tromchúiseach seachas substainteach atá ag paindéim COVID-19 agus nach bhfuil toradh ráitis airgeadais 2021 ábhartha;

Calaois, agus coinbhleachtaí leasa, a chosc

26. ag tabhairt dá haire go ndearna an t-oifigeach frithchalaoise agus eitice cur chun feidhme straitéis frithchalaoise an chomhghnóthais don tréimshe 2020 go 2023 agus an phlean gníomhaíochta frithchalaoise atá ag gabháil léi a chur chun cinn agus a chomhordú;

27. á chur in iúl gur geal léi go ndéantar faireachán córasach ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sa phlean gníomhaíochta frithchalaoise trí bhíthin bunachar sonraí dílsithe lena mionsonraítear raon feidhme gach gníomhaíocht ar leith, úinéir na gníomhaíochta agus an spriocdháta dá cur chun feidhme agus go ndearnadh dul chun cinn maith i ndáil le gníomhaíochtaí frithchalaoise a chur chun feidhme;

28. ag tabhairt dá haire, ina theannta sin gur cuireadh faisnéis agus tacaíocht um chosc calaoise ar fáil ar bhonn leanúnach in 2021, go háirithe don fhoireann a bhí ag plé le soláthar, bainistiú conarthaí agus airgeadas agus gur coinníodh líonra inmheánach na gcomhfhreagróirí calaoise sa Chomhghnóthas ar an eolas ar bhonn aonair agus i gcomhthéacs cruinnithe rialta an líonra um dhearbhú;

29. á chur in iúl gur mór aici gur cuireadh rialacha, nósanna imeachta agus an dea-chleachtas maidir leis an eitic agus cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa in iúl don fhoireann in 2021, lena n-áirítear trí lámhleabhar an Chomhghnóthais ina raibh caibidlí ar leith faoi eitic & ionracas agus cosc na calaoise, leathanach faoin sceithireacht mar aon le rannóg faoi choinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú;

Foireann agus earcaíocht

30. á chur in iúl gurb oth léi go ndeachaigh foireann an Chomhghnóthais ar stailc i mí na Samhna 2021 agus, de réir measúnuithe inmheánacha agus seachtracha agus líon suibhéanna inmheánacha, gur easnaimh ar leibhéal na hardbhainistíochta, amhail cinnteoireacht neamh-thrédhearcach agus mhífheidhmiúil agus easpa idirphlé shóisialta, a bhí ina bpríomhchúis leis an timpeallacht oibre a bheith ag dul in olcas; ag tabhairt dá haire thairis sin, gur chuir úsáid dhíréireach acmhainní foirne seachtraí leis na dúshláin agus na rioscaí don timpeallacht oibre, rud a bhí á dheimhniú ag ionadaithe foirne an Chomhghnóthais agus sna litreacha foirmiúla uathu a seoladh chuig na Coimisinéirí freagracha; ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh an Coimisiún (Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh) sa fhreagra a thug sé ar na litreacha, gur ar chúrsaí bainistíochta acmhainní daonna amháin a dhíreofar i measúnú bliantúil 2022 ar an gComhghnóthas agus gur mhol sé don Chomhghnóthas measúnú bainistíochta 360-céim a úsáid dá fhoireann bainistíochta;

31. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an Comhghnóthas éirithe níos spleáiche ar fhoireann sheachtrach le blianta beaga anuas; á chur i bhfáth go bhfuil breathnóireacht na Cúirte fós gan réiteach ó 2019 i leith nuair ab ionann an fhoireann sheachtrach agus 62 % d'fhoireann reachtúil an Chomhghnóthais; á thabhairt chun suntais de réir an phlean straitéisigh acmhainní reatha do 2021-2027 atá ann don Chomhghnóthas, go meastar go méadóidh an líon foirne seachtraí in 2022 go 93 % den uaslíon foirne reachtúla atá formheasta ag an gCoimisiún, agus ansin go laghdóidh sé de réir a chéile go 70 % faoi 2027; á mheabhrú go bhfuil rioscaí suntasacha ag baint leis an staid seo don Chomhghnóthas, maidir le príomhinniúlachtaí a choinneáil, cuntasacht dhoiléir, díospóidí breithiúnacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus éifeachtúlacht foirne níos ísle i ngeall ar bhainistíocht dhíláraithe. ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, gur cheart fós gur réiteach sealadach a bheadh san úsáid a bhaintear as foireann eatramhach; á mheabhrú gur cheart do bhainistíocht an Chomhghnóthais cur leis na bearta atá déanta cheana chun na rioscaí a ghabhann le húsáid foirne seachtraí a mhaolú, go háirithe, an riosca go dtarlódh bainistiú mí-éifeachtúil mar gheall ar dheighilt dhoiléir na bhfreagrachtaí idir daoine den fhoireann reachtúil agus daoine den fhoireann sheachtrach.

32. ag tabhairt dá haire nach féidir botúin a bhaineann le hacmhainní daonna a athdhéanamh agus go bhfuil gá le hathrú ar chultúr bainistíochta agus nach mór é sin a choinneáil; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil gá le hiarrachtaí méadaithe a bhaineann le hacmhainní daonna chun go seachnófar cásanna folúntas fadtéarmach, ráta ard láimhdeachais foirne, líon iomarcach foirne seachtracha, spleáchas ar shaineolas roinnt baill foirne, ualach mór oibre agus easpa foirne agus neamhéifeachtúlachtaí mar thoradh air sin; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí breise chun dálaí fostaíochta atá tarraingteach agus cothrom ó thaobh na sochaí de a chruthú a thacóidh le cuspóirí an Chomhghnóthais a bhaint amach.

33. ag tacú leis an bhfíoras, mar fhreagra ar an staid sin, gur sheol an Comhghnóthas roinnt gníomhaíochtaí chun an timpeallacht oibre agus dea-bhail na foirne a fheabhsú; á thabhairt faoi deara gur comhtháthaíodh na gníomhaíochtaí sin i gclár oibre um athrú, a bheidh spriocdhírithe ar ró-ualach oibre, droch-atmaisféar oibre, agus easpa cumarsáide ón mbainistíocht maidir leis na hathruithe eagraíochtúla atá beartaithe agus go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh siad éifeachtach, i bhfianaise na n-imeachtaí a tuairiscíodh;

34. ag tabhairt dá haire gur lean Foghlaim agus Forbairt (F&F) an Chomhghnóthais de bheith ag tairiscint raon níos leithne acmhainní ar líne agus digiteacha lena dtugtar breis solúbthachta agus saoirse chun foghlaim a dhéanamh de réir mar a bhíonn sí á hiarraidh agus ag teastáil; ag tabhairt dá haire mar sin féin gur rollaigh 94 % de na baill foirne ar fad le haghaidh gníomhaíocht foghlama amháin ar a laghad le linn 2021 agus go raibh ardráta sástachta ag an bhfoireann leis na gníomhaíochtaí inmheánacha F&F – mheas 88 % d'fhoireann an Chomhghnóthais go raibh siad ar fheabhas nó go maith;

35. ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2021, go raibh 47 n-oifigeach, 266 ghníomhaire shealadacha agus 166 ghníomhaire ar conradh sna poist foirne sa Chomhghnóthas a bhí líonta, agus ag tabhairt dá haire ina theannta sin go raibh an Comhghnóthas ag brath ar thacaíocht bheirt bhall foirne eatramhacha (in FTE) agus bheirt shaineolaithe naisiúnta ar iasacht;

36. ag tabhairt dá haire, i dtuarascáil bhliantúil ó 2021 ar ghníomhaíochtaí, nach bhfuil aon chothromaíocht inscne iomchuí ann i measc bhaill foirne agus bainistíochta an Chomhghnóthais, agus nach mná iad ach 19 % den fhoireann agus níos lú ná 10 % den fhoireann bhainistíochta agus den fhoireann a earcaíodh in 2021; á chur in iúl gurb oth léi na figiúirí sin agus á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí méadaithe ó thaobh cothromaíocht inscne de;

37. ag tabhairt dá haire, i ndiaidh an tsuirbhé ar thionchar phaindéim COVID-19 ó 2020 agus bunaithe ar na héifeachtaí uaithi, go raibh Acmhainní Daonna sa Chomhghnóthas ag díriú go gníomhach i gcónaí in 2021 ar ghníomhaíochtaí coisctheacha síceashóisialta i réimse na folláine mothúchánaí agus an bhainistithe struis;

38. ag tabhairt dá haire, le linn 2021, gur foilsíodh 14 fhógra folúntais go seachtrach le haghaidh seisear gníomhairí shealadacha agus ochtar gníomhairí ar conradh agus gur cuireadh 14 nós imeachta roghnúcháin i gcrích ar an iomlán, agus gur foilsíodh trí cinn díobh in 2020 agus an 11 eile in 2021;

Córais bhainistíochta agus rialaithe

39. á thabhairt faoi deara go raibh an Comhghnóthas, in 2020 agus 2021, faoi réir na ngnáthmheasúnuithe bliantúla ó shaineolaithe seachtracha agus faoi réir dianiniúchtaí inmheánacha faoinar cumhdaíodh formhór na réimsí criticiúla dá ghníomhaíochtaí, agus gur méadú ar an ualach riaracháin a bhí mar thoradh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí leasaitheacha a bhí mar fhreagairt ar na hiniúchtaí agus na measúnuithe, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, gur tháinig méadú ar an ualach riaracháin mar thoradh air sin, cé nár léir go raibh na rialuithe breise éifeachtúil agus gur chuir siad feabhas ar an gcóras;

40. ag tabhairt dá haire go ndearna an Comhghnóthas, in 2021, a chaighdeáin bhainistíochta agus rialaithe inmheánaigh (MICS), a thascairí agus a nósanna imeachta a ailíniú thairis sin le creat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin;

41. ag tabhairt dá haire go ndearna an Comhghnóthas cur chuige céim ar chéim a leanúint maidir le láidreachtaí agus laigí an chórais rialaithe inmheánaigh a shainaithint, bunaithe ar aon easnaimh a sainaithníodh i bhfeidhmiú MICS agus gur fhoirmligh sé gníomhaíochtaí ceartaitheacha comhfhreagracha, as a lean na conclúidí maidir le bunú dhearbhú urrúis an stiúrthóra agus an tuairisciú sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí (CAAR)

42. ag tabhairt dá haire, sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí do **2021**, gur tháinig an Comhghnóthas ar an tuairim go bhfuil na comhpháirteanna uile ag oibriú as lámh a chéile ar bhealach comhtháite; ag tabhairt dá haire, áfach, ós rud é gur cinneadh go raibh easnamh criticiúil ag comhpháirt amháin**, eadhon Gníomhaíochtaí** rialaithe – **Saincheist na folláine foirne**, tháinig bainistíocht an Chomhghnóthais ar an gconclúid go raibh an córas rialaithe inmheánaigh foriomlán éifeachtach i bpáirt.